Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 9 Nollaig 2025**
**(OR. en)**

**15420/25**
**ADD 1**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2025/0355(NLE)**

**COSCE 10**

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | Ionstraim Chríochnaitheach ón gComhdháil Taidhleoireachta chun an Coinbhinsiúin Lena mbunaítear Coimisiún Idirnáisiúnta Éileamh don Úcráin a ghlacadh |

IONSTRAIM CHRÍOCHNAITHEACH
ÓN gCOMHDHÁIL TAIDHLEOIREACHTA
CHUN AN COINBHINSIÚIN
LENA mBUNAÍTEAR COIMISIÚN IDIRNÁISIÚNTA ÉILEAMH DON ÚCRÁIN A GHLACADH

An Chomhdháil Taidhleoireachta a thionóil Comhairle na hEorpa agus Ríocht na hÍsiltíre go comhpháirteach chun an Coinbhinsiún lena mbunaítear Coimisiún Idirnáisiúnta Éileamh don Úcráin a ghlacadh, tionóladh í sa Háig, an Ísiltír, an 15 agus an 16 Nollaig 2025, agus ba [í/é] [ainm] ó [Stát] a bhí ina C[h]athaoirleach uirthi.

Rinne an Chomhdháil Taidhleoireachta breithniú ar théacs a dhréachtaigh an Coiste ad hoc maidir le Coimisiún Idirnáisiúnta Éileamh don Úcráin a Bhunú, a tionóladh sa Háig, an Ísiltír, ón 9 go dtí an 12 Meán Fómhair 2025.

Ghlac an Chomhdháil Taidhleoireachta an Coinbhinsiún lena mbunaítear Coimisiún Idirnáisiúnta Éileamh don Úcráin, atá i gceangal leis seo, agus d'oscail sí é lena shíniú.

Ghlac an Chomhdháil Taidhleoireachta Rún agus Tuarascáil freisin, lena ngabhann iarscríbhinní, atá i gceangal leis seo.

Aithníonn an Chomhdháil Taidhleoireachta nach mór do Chónaidhm na Rúise iarmhairtí dlíthiúla a cuid gníomhartha éagóracha idirnáisiúnta a sheasamh, lena n-áirítear cúiteamh a íoc as an díobháil, lena n-áirítear aon damáiste, arb iad gníomhartha den sórt sin is cúis léi.

Molann an Chomhdháil Taidhleoireachta do na rannpháirtithe uile leanúint d'fhéachaint, lena n-áirítear ar an leibhéal idirnáisiúnta agus i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta, ar fhoinsí a d'fhéadfadh a bheith ann chun cistiú an chúitimh arna chinneadh agus arna dhámhachtain ag an gCoimisiún Idirnáisiúnta Éileamh don Úcráin faoin gCoinbhinsiún a áirithiú.

DÁ FHIANÚ SIN, ghlac an Chomhdháil Taidhleoireachta an Ionstraim Chríochnaitheach seo.

Arna dhéanamh sa Háig, an Ísiltír, an 16 Nollaig 2025, i mBéarla, i bhFraincis agus i Spáinnis, agus comhúdarás ag an téacs i ngach ceann de na teangacha sin.